



Uimhir 38 de 2010

**AN tACHT UM BEARTA AIRGEADAIS ÉIGEANDÁLA AR
MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL 2010**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA NALT

Alt

1. Léiriú.
2. Laghdú ar pinsean seirbhíse poiblí.
3. Ní dhéanfar difear do ríomh pinsean seirbhíse poiblí.
4. Oibleagáid ar údaráis íoca íocaíochtaí a dhéanamh.
5. Gan aon chumhacht a bheith ann chun pinsean seirbhíse poiblí a íoc seachas de réir *alt 2*.
6. Díolúine, etc., ó oibriú *alt 2* in imthosca áirithe.
7. Leasú ar alt 2 d'Acht 2009.
8. Leasú ar alt 3 d'Acht 2009.
9. Leasú ar Acht 2009.
10. Athbhreithniú bliantúil agus tuarascáil bhliantúil do Thithe an Oireachtais.
11. Rialacháin.
12. Deireadh a chur le hamhrais.
13. Leasú ar an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000.
14. Gearrtheideal.

AN SCEIDEAL

**COMHLACHTAÍ NACH MBAINNEANN AN MÍNIÚ AR “COMHLACHT SEIRBHÍSE
POIBLÍ” LEO**

[Uimh. 38.] *An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2010.* [2010.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Achtanna na gCuideachtaí	
An tAcht Cosanta 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht Cosanta (Leasú) 2007	2007, Uimh. 24
An tAcht um Parlaimint na hEorpa (Comhaltaí Thoghcheantair na hÉireann) 2009	2009, Uimh. 17
An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009	2009, Uimh. 41
An tAcht Cuanta 1946	1946, Uimh. 9
An tAcht Cuanta 1996	1996, Uimh. 11
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht um Oifigí Aireachta agus Párliminte 1938	1938, Uimh. 38
An tAcht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001	2001., Uimh. 33
An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000	2000, Uimh. 5
An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú) 1973	1973, Uimh. 22
An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú) 1977	1977, Uimh. 29
An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú) 1983	1983, Uimh. 32
Acht na bPinsean, 1990	1990, Uimh. 25
An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004	2004, Uimh. 7
Na hAchtanna Aoisliúntas 1834 go 1963	
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha 1930	1930, Uimh. 29



Uimhir 38 de 2010

**AN tACHT UM BEARTA AIRGEADAIS ÉIGEANDÁLA AR
MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL 2010**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ, AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL, MAIDIR LE LAGHDÚ A DHÉANAMH AR MHÉID NA hÍOCAÍOCHTA PINSIN NÓ SOCHAR EILE (SEACHAS CNAPSHUIMEANNA) IS INÍOCHTA LE DAOINE ÁIRITHE, NÓ I LEITH DAOINE ÁIRITHE, ATÁ NÓ A BHÍ SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ (LENA nÁIRÍTEAR IARSHEALBHÓIRÍ OIFIGÍ ÁIRITHE, COMHALTAÍ AGUS IARCHOMHALTAÍ DE THITHE AN OIREACHTAIS AGUS IARCHOMHALTAÍ DEN BHREITHIÚNACHT) FAOI SCÉIM PINSEAN CEIRDE NÓ SOCRÚ PINSEAN (CIBÉ AINM A THUGTAR AIR) DÁ bhFORÁILTEAR FAOI NA hACHTANNA AOISLIÚNTAS 1834 GO 1963 NÓ FAOI AON ACHTACHÁN NÓ BEART RIARACHÁIN EILE A bhFUIL AN ÉIFEACHT CHÉANNA LEIS, NÓ A gCEANGLÁITEAR AR AIRE AMHÁIN NÓ NÍOS MÓ DEN RIALTAS Í NÓ É A DHÉANAMH NÓ A CHEADÚ, NÓ TOILIÚ LÉI NÓ LEIS (CIBÉ SLÍ AR A mBEIDH SÉ SAINRAITE); DO LEASÚ AN ACHTA UM BEARTA AIRGEADAIS ÉIGEANDÁLA AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL (UIMH. 2) 2009 AGUS AN ACHTA UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA 2000; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[22 Nollaig, 2010]

DE BHRÍ gur tharla suaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar agus gur tháinig meath ar imthosca geilleagair an Stáit, ar nithe iad nach bhfuil deireadh leo fós agus a chuireann leas an phobail i mbaol;

AGUS DE BHRÍ dá dheasca sin gur tháinig meathlú tromchúiseach ar ioncam an Stáit agus go bhfuil gealltanais shuntasacha agus mhéadaitheacha ar an Stát i leith pinsean seirbhíse poiblí;

AGUS DE BHRÍ gur gá caiteachas reatha an Stáitchiste a laghdú go substaintiúil chun a thaispeáint go bhfuil rialú suntasach á dhéanamh ar chaiteachas poiblí d'fhonn rochtain ar mhaoiniú idirnáisiúnta a chinntiú, agus chun iomaíochas idirnáisiúnta an Stáit a fheabhsú;

AGUS DE BHRÍ go bhfuil an Stát ag baint leasa as cláir chúinimh airgeadais arna gcur ar fáil ag an Sásra Cobhsaíochta

[Uimh. 38.] *An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2010.* [2010.]

Airgeadais Eorpach agus ag an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach agus ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus go bhfuil sé riachtanach na bearta san Acht seo a ghlacadh mar chuid de réimse beart dá bhforáiltear sna cláir sin chun freastal ar an ngéarchéim gheilleagair sa Stát agus chun muinín sa bhaile agus go hidirnáisiúnta a thabhairt i réim athuair agus chun géarchéim san fhiach ceannasach a dhéanfadh difear don Stát a chosc;

AGUS DE BHRÍ gur neamh-inmharthana an caiteachas le pinsin seirbhíse poiblí agus go bhfuil sé riachtanach laghduithe a dhéanamh ar íocaíocht d'fhonn a chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Stát chun a chuid tiomantas a urscaoileadh agus chun a chumasú dó seirbhísí poiblí a sholáthar;

AGUS DE BHRÍ gur seirbhísigh phoiblí a d'iompair an t-ualach a bhain le laghdú pinsean-choibhneasa agus laghdú ar luach saothair agus gur cothromasach go n-íompródh pinsinéirí seirbhíse poiblí an t-ualach sin;

AGUS DE BHRÍ gur fabhraí go suntasach agus go sonraíoch anois agus sa todhchaí, tar éis an tAcht seo a leanas a achtú, tairbhe pinsean seirbhíse poiblí ná luach na bpinsean sin atá ar fáil i gcoitinne i gcineálacha eile fostaíochta—

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN MAR A LEANAS:

Léiriú.

1.—San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009;

ciallaíonn “Státseirbhís” Státseirbhís an Rialtais agus Státseirbhís an Stáit;

ciallaíonn “cnapshuim” íocaíocht chnapshuime nó aisce is infoctha ar scor, ag aois pinsin chaomhnaithe nó ar bhás a fháil, faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí;

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “sealbhóir oifige”—

- (a) an tUachtarán,
- (b) sealbhóir ar oifig cháilitheach,
- (c) comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas,
- (d) comhalta den bhreithiúnacht,
- (e) breitheamh míleata arna cheapadh nó arna ceapadh faoi Chaibidil IVC de Chuid V den Acht Cosanta 1954 (arna leasú leis an Acht Cosanta (Leasú) 2007),
- (f) comhalta d'údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001, nó
- (g) comhalta de Pharlaimint na hEorpa do dháilcheantar sa Stát, is comhalta atá ag fáil an tuarastail a shonraítear in alt 2(2) den Acht um Parlaimint na hEorpa (Comhaltaí Thoghcheantair na hÉireann) 2009;

ciallaíonn “údarás íoca”, i ndáil le pinsean seirbhíse poiblí, an duine nó an comhlacht atá freagrach as íocaíochtaí den phinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh faoin scéim pinsean seirbhíse poiblí lena mbaineann, nó a chuireann faoi deara íocaíochtaí den sórt sin a dhéanamh, le seirbhíseach poiblí nó le hiarsheirbhíseach poiblí nó le leith seirbhísigh phoiblí nó iarsheirbhísigh phoiblí;

ciallaíonn “pinsinéir” duine—

- (a) atá i dteideal íocaíochta pinsin seirbhíse poiblí faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí,
- (b) ag a bhfuil sochar caomhnaithe i scéim pinsean seirbhíse poiblí ar ina leith a bheidh aois pinsin chaomhnaithe an duine ar an dáta iomchuí nó roimhe, nó
- (c) is céile nó leanbh le seirbhíseach poiblí nó le hiarsheirbhíseach poiblí agus a thiochfaidh chun bheith i dteideal íocaíochta pinsin seirbhíse poiblí mar chéile nó leanbh leis an seirbhíseach poiblí sin nó leis an iarsheirbhíseach poiblí sin, de réir mar a bheidh, faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí aon tráth tar éis an dáta iomchuí ach sin amháin má bhí an seirbhíseach poiblí nó an t-iarsheirbhíseach poiblí sin, de réir mar a bheidh, i dteideal íocaíochta pinsin seirbhíse poiblí faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí roimh an dáta sin i leith seirbhíse mar sheirbhíseach poiblí as a n-eascraíonn teideal an chéile nó an linbh;

tá le “sochar caomhnaithe” an bhrí atá leis san Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004;

ciallaíonn “aois pinsin chaomhnaithe” i ndáil le sochar caomhnaithe i scéim pinsean seirbhíse poiblí, aois an tseirbhísigh phoiblí nó an iarsheirbhísigh phoiblí lena mbaineann ag a dtagann an sochar caomhnaithe chun bheith iníoctha leis nó léi faoin scéim;

ciallaíonn “seirbhíseach poiblí” duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó a shealbhaíonn aon oifig nó aon phost eile i gcomhlacht seirbhíse poiblí, agus folaíonn sé sealbhóir oifige;

ciallaíonn “comhlacht seirbhíse poiblí”—

- (a) an Státseirbhís,
- (b) an Garda Síochána,
- (c) na Buan-Óglaigh,
- (d) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil 2001,
- (e) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta,
- (f) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (g) Banc Ceannais na hÉireann,
- (h) coiste gairmoideachais arna bhunú faoi alt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930,
- (i) an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta,
- (j) an Foras Riaracháin,

[Uimh. 38.] *An tAcht um Bearta Airgeadais* [2010.]
Éigeandála ar Mhaithe le Leas an
Phobail 2010.

- (k) comhlacht (seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa Sceideal) arna bhunú—
- (i) le hachtachán nó faoi achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí), nó
- (ii) faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach, le hairgead arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó le heisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas, nó thar ceann Aire den Rialtas,

agus arb ann do scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a fhéadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith,

- (l) comhlacht (seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa Sceideal) atá á mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach agus go díreach nó go neamhdhíreach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó toradh fáis an Chiste sin agus arb ann do scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a fhéadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith,

- (m) aon fhochuideachta do chomhlacht, nó aon chuideachta atá faoi rialú (de réir na brí a thugtar le halt 10 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997) ag comhlacht, lena mbaineann *mír (d), (e), (f), (g), (h), (i), (j), (k)* nó *(l)* agus arb ann do scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a fhéadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith;

ciallaíonn “pinsean seirbhíse poiblí” íocaíocht thréimhsiúil pinsin nó sochair eile cibé ainm a thugtar air, nach cnapshuim, is infoctha le seirbhíseach poiblí nó le hiarsheirbhíseach poiblí nó i leith seirbhísigh phoiblí nó i leith iarsheirbhísigh phoiblí faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí;

ciallaíonn “scéim pinsean seirbhíse poiblí” scéim pinsean ceirde nó socrú pinsin, cibé ainm a thugtar air, i gcomhair aon chuid den tseirbhís phoiblí—

- (a) dá bhforáiltear faoi—
- (i) na hAchtanna Aoisliúntas 1834 go 1963, nó
- (ii) aon achtachán eile nó aon bheart riaracháin eile chun na críche céanna agus a bhfuil an éifeacht chéanna leis atá leis na hAchtanna sin, nó
- (b) a dhéanfaidh Aire iomchuí nó atá ceadaithe nó nach foláir ceadú nó toiliú, cibé slí ar a sonrófar é, a fháil ina leith ó Aire iomchuí nó ón Aire nó ón mbeirt Airí sin den Rialtas,

ach ní fholaíonn sé—

- (i) scéim nó socrú den sórt sin—
- (I) i leith comhlachta a shonraítear nó dá dtagraítear sa Sceideal, ná
- (II) i leith comhlachta seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa Sceideal is scéim iomchuí de réir bhrí alt 40 d’Acht na bPinsean 1990 agus a bhfuil feidhm ag Cuid IV den Acht sin agus ag an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin maidir léi, ná
- (ii) an scéim dá ngairtear Scéim Aoisliúntais eircom;

tá le “oifig cháilitheach” an bhrí chéanna atá leis in alt 13 (a cuireadh isteach leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú) 1977) den Acht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte 1938, is é sin le rá—

- (a) oifig aireachta de réir bhrí an ailt sin arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú) 1973), nó
- (b) oifig rúnaíochta de réir bhrí an ailt sin (arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú) 1983 agus leis an Acht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001);

ciallaíonn “dáta iomchuí” an dáta a shonróidh an tAire in ordú arna dhéanamh de bhun alt 3(1)(b)(ii) d’Acht 2009;

ciallaíonn “Aire iomchuí”, i ndáil le scéim pinsean seirbhíse poiblí, an tAire nó na hAirí den Rialtas atá freagrach as an scéim a dhéanamh nó a cheadú, nó as toiliú a thabhairt léi;

ciallaíonn “fochuideachta” fochuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí.

2.—(1) Le héifeacht ar an agus ón 1 Eanáir 2011, déanfar méid bliantúlaithe pinsean seirbhíse poiblí is iníoctha de réir a theidil nó a teidil le duine— Laghdú ar phinsean seirbhíse poiblí.

- (a) is pinsinéir, nó
- (b) a thiocfaidh chun bheith ina phinsinéir nó ina pinsinéir ar aon tráth nó ag aon tráth roimh an dáta iomchuí nó, i gcás pinsinéara a thagann faoi réim mhír (c) den mhíniú ar “pinsinéir” in alt 1, ag aon tráth tar éis an dáta sin,

a laghdú de réir an Tábla san fho-alt seo.

AN TÁBLA

Méid bliantúlaithe pinsean seirbhíse poiblí	An laghdú
Suas le €12,000	Díolmhaithe
Aon mhéid is mó ná €12,000 ach nach mó ná €24,000	6 faoin gcéad
Aon mhéid is mó ná €24,000 ach nach mó ná €60,000	9 faoin gcéad
Aon mhéid is mó ná €60,000	12 faoin gcéad

(2) Tá éifeacht leis an alt seo d’ainneoin—

[Uimh. 38.] *An tAcht um Bearta Airgeadais* [2010.]
Éigeandála ar Mhaithe le Leas an
Phobail 2010.

- (a) aon fhorála le haon cheann nó faoi aon cheann díobh seo a leanas—
- (i) aon achtachán eile,
 - (ii) aon reacht nó aon doiciméad eile a bhfuil an éifeacht chéanna leis, de chuid ollscoile nó forais eile tríú leibhéal,
 - (iii) aon scéim pinsean nó aon socrú pinsean,
 - (iv) aon chiorclán nó aon ionstraim nó aon doiciméad eile,
 - (v) aon chomhaontú i scríbhinn nó aon socrú conarthach, nó
- (b) aon chomhaontú, socrú nó tuiscint ó bhéal nó aon ionchas.

Ní dhéanfar difear do ríomh pinsin seirbhíse poiblí.

3.—Ní dhéanfar difear le haon rud in *alt 2* do ríomh aon teidil pinsin seirbhíse poiblí (lena n-áirítear teideal chun cnapshuime agus teideal chun íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin nó sochar eile) ag duine is pinsinéir nó a thiofadh chun bheith ina phinsinéir nó ina pinsinéir ar aon tráth nó ag aon tráth roimh an dáta iomchuí nó, i gcás pinsinéara a thagann faoi réim *mhír (c)* den mhíniú ar “pinsinéir” in *alt 1*, ag aon tráth i ndiaidh an dáta sin.

Oibleagáid ar údarás íoca íocaíochtaí a dhéanamh.

4.—(1) Gan dochar *d'fho-alt (2)*, déanfar laghduithe ar phinsin seirbhíse poiblí faoi *alt 2* a íoc nó a dhiúscairt mar a ordóidh an tAire.

(2) I gcás nach ndearnadh méid aon laghdaithe ar phinsean seirbhíse poiblí faoi *alt 2* a íoc go cuí nó a dhiúscairt go cuí de réir ordacháin ón Aire faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire an méid a ghnóthú ón údarás íoca lena mbaineann mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(3) Más rud é maidir le húdarás íoca, tar éis dó mainneachtain nó diúltú laghduithe ar phinsin seirbhíse poiblí faoi *alt 2* a íoc nó a dhiúscairt de réir ordacháin ón Aire faoi *fho-alt (1)*, nach ndéanfaidh sé amhlaidh laistigh de 28 lá tar éis don Aire fógra á cheangal air déanamh amhlaidh a sheirbheáil leis an bpost ar an údarás, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas arna dhéanamh chun na Cúirte ag an Aire, ordú a dhéanamh á ordú don údarás na laghduithe a chur ar aghaidh chuig an Aire laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san ordú.

(4) Féadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha (más ann) maidir le hÍoc costas is cuí leis an gCúirt a bheith in ordú ón Ard-Chúirt faoi *fho-alt (3)*.

Gan aon chumhacht a bheith ann chun pinsean seirbhíse poiblí a íoc seachas de réir *alt 2*.

5.—(1) I gcás go laghdaítear pinsean seirbhíse poiblí le *halt 2*—

- (a) níl pinsinéir i dteideal méid pinsin seirbhíse poiblí a fháil is mó ná an méid arna laghdú amhlaidh, agus
- (b) ní bheidh aon údarás íoca i dteideal méid pinsin seirbhíse poiblí a íoc leis an bpinsinéir is mó ná an méid arna laghdú amhlaidh.

(2) Má íocann údarás íoca le pinsinéir méid pinsin seirbhíse poiblí is mó ná an méid arna laghdú faoi *alt 2*, ansin—

- (a) ní bheidh ag an bpinsinéir aon teideal dlí chun na ró-íocaíochta, agus
- (b) gnóthóidh an t-údarás íoca méid na ró-íocaíochta ón bpinsinéir, go díreach nó trí asbhaint arna tógáil as an bpinséan seirbhíse poiblí is iníochta ina dhiaidh sin leis an bpinsinéir sin nó ar shlí eile.

(3) Ní mheasfar go ndéantar, le *fo-alt (2)*, teorainn a chur le dlíteanas aon duine faoi reacht cuntas a thabhairt sa ró-íocaíocht sin.

(4) I gcás nach bhfuil ró-íocaíocht méid lena mbaineann *fo-alt (2)* gnóthaithe ag an údarás íoca lena mbaineann, féadfaidh an tAire a ordú i scríbhinn don údarás sin an méid a ghnóthú de réir *fho-alt (2)(b)* faoi dháta sonraithe agus, i gcás go mainneoidh nó go ndiúltoídh an t-údarás sin an méid a ghnóthú amhlaidh, féadfaidh an tAire an méid a asbhaint as aon deontas nó vóta de chuid an údarás sin, nó as aon íocaíocht eile leis, as airgead arna sholáthar go díreach nó go neamhdhíreach ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Chiste sin.

6.—I gcás gur deimhin leis an Aire go bhfuil imthosca eisceachtúla ann (mar gheall ar ghné nó coinníoll áirithe éigin a bhaineann leis an bpinséan seirbhíse poiblí nó leis an scéim pinséan seirbhíse poiblí lena mbaineann, lena n-áirítear maoiniú an phinsin nó na scéime sin) i leith aicme nó grúpa áirithe pinsinéirí agus go ndéantar de thoradh na n-imthosca sin an aicme nó an grúpa sin a idirdhealú go hábhartha ó aicmí nó grúpaí eile pinsinéirí lena mbaineann *alt 2*, ansin, féadfaidh an tAire, le hordachán, más dóigh leis nó léi gur cóir agus gur cothromasach déanamh amhlaidh sna himthosca go léir—

Díolúine, etc., ó oibriú *alt 2* in imthosca áirithe.

- (a) an aicme nó an grúpa sin a dhíolmhú ó oibriú *alt 2*, go hiomlán nó a mhéid is cuí leis an Aire, nó
- (b) oibriú *alt 2* a mhodhnú chun a bpinsin seirbhíse poiblí a laghdú ar cibé slí is cuí leis an Aire, ag féachaint do chineál agus do mhéid an ualaigh airgeadais a bheadh le hiompar thairis sin ag an aicme nó ag an ngrúpa sin,

agus déanfar an tAcht seo, agus aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo, a léamh faoi réir aon ordacháin den sórt sin.

7.—(1) Leasaítear *alt 2* d'Acht 2009 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *fho-alt (2)*:

Leasú ar *alt 2* d'Acht 2009.

“(2A) Maidir le forálacha *fho-ailt (1)* agus *(2)* agus Tábla 1 a ghabhann leis an *alt* seo, beidh éifeacht leo, chun críche fheidhmiú na bhforálacha sin maidir le luach saothair sealbhóirí oifigí áirithe a shonraítear san *fho-alt* seo, ar an agus ón 1 Eanáir 2011 amhail is dá mba mar seo a leanas a bheadh na laghduithe dá bhforáiltear i *bhfo-alt (2)* agus sa Tábla sin agus glacfar leis go ndearnadh foráil iomchuí lena socraítear luach saothair, nó aon chuid de luach saothair, sealbhóirí aon cheann de na hoifigí sin a leasú amhlaidh le héifeacht ar an agus ón dáta sin:

- (a) i gcás an Taoisigh, laghdú 25 faoin gcéad ar luach saothair in ionad laghdú 20 faoin gcéad den luach saothair;

[Uimh. 38.] *An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2010.* [2010.]

(b) i gcás an Tánaiste, laghdú 19.5 faoin gcéad ar an luach saothair in ionad laghdú 15 faoin gcéad den luach saothair; agus

(c) i gcás Aire den Rialtas, laghdú 19.5 ar an luach saothair in ionad laghdú 15 faoin gcéad den luach saothair.”.

(2) Forléireofar an tagairt i dTábla 1 d’alt 2 d’Acht 2009 do “Aire” mar thagairt is tagairt, agus ba thagairt riamh, d’Aire den Rialtas.

Leasú ar alt 3 d’Acht 2009.

8.—Leasaítear alt 3 d’Acht 2009—

(a) i bhfo-alt (1)(a), trí “ag fáil pinsin faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí an 1 Eanáir 2010” a chur in ionad “ag fáil pinsin nó a bhfuil sochar caomhnaithe aige nó aici i scéim pinsean seirbhíse poiblí an 1 Eanáir 2010, agus”,

(b) i bhfo-alt (1)(b), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) ar dháta a shonróidh an tAire le hordú de réir fho-alt (3),

nó le duine ba sheirbhíseach poiblí tráth éigin roimh an dáta a bheidh sonraithe faoi fhomhír (ii) agus ag a bhfuil sochar caomhnaithe i scéim pinsean seirbhíse poiblí arb ar an dáta sin nó roimhe atá aois pinsin chaomhnaithe an duine ina leith, agus”,

(c) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur leis:

“(c) aon duine is céile nó leanbh le seirbhíseach poiblí nó le hiarsheirbhíseach poiblí agus a thiochfaidh chun bheith i dteideal íocaíochta pinsin seirbhíse poiblí mar chéile nó leanbh leis an seirbhíseach poiblí nó leis an iarsheirbhíseach poiblí sin, de réir mar a bheidh, faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí aon tráth tar éis an dáta a bheidh sonraithe faoi mhír (b)(ii) ach sin amháin má bhí an seirbhíseach poiblí nó an t-iarsheirbhíseach poiblí sin, de réir mar a bheidh, i dteideal íocaíochta pinsin seirbhíse poiblí faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí roimh an dáta sin i leith seirbhíse mar sheirbhíseach poiblí as a n-eascaíonn teideal an chéile nó an linbh.”, agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis:

“(4) San alt seo—

tá le ‘sochar caomhnaithe’ an bhrí atá leis san Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004;

ciallaíonn ‘aois pinsin chaomhnaithe’, i ndáil le sochar caomhnaithe i scéim pinsean seirbhíse poiblí, aois an tseirbhísigh phoiblí nó an iarsheirbhísigh phoiblí lena

mbaineann arb í an aois í a dtagann an sochar caomhnaithe chun bheith iníoctha leis nó léi faoin scéim.”.

9.—Leasaítear Acht 2009 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i Leasú ar Acht 2009.
ndiaidh alt 9:

“Srian le feidhmiú ordacháin arna thabhairt ag an Aire. 9A.—Ní bheidh feidhm ag an ordachán a thabharfaidh an tAire faoi alt 6 i leith aicme nó grúpa áirithe seirbhíseach poiblí lena mbaineann Tábla 2 a ghabhann le halt 2 ach amháin i ndáil leis an luach saothair is iníoctha leis an aicme nó leis an ngrúpa sin agus ní bheidh feidhm aige chun teidil chun pinsean (lena n-áirítear teideal chun cnapshuime agus teideal chun íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin nó sochar eile) comhaltaí den aicme nó den ghrúpa sin a ríomh aon tráth tar éis an dáta a bheidh sonraithe in ordú arna dhéanamh faoi alt 3(1)(b)(ii).”.

10.—Roimh an 30 Meitheamh 2012 agus gach bliain tar éis na bliana 2012, déanfaidh an tAire— Athbhreithniú bliantúil agus tuarascáil bhliantúil do Thithe an Oireachtais.

- (a) athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht agus tionchar an Achta seo (seachas *alt 13*), ag féachaint do na dálaí geilleagair foriomlána sa Stát agus don iomaíochas náisiúnta,
- (b) breithniú i dtaobh an gá i gcónaí aon fhorálacha den Acht seo (seachas *alt 13*), ag féachaint do chuspóirí an Achta seo, d’ioncaim an Stáit, agus do thiomantais an Stáit i leith pinsean seirbhíse poiblí,
- (c) cibé fionnachtana is cuí leis nó léi a dhéanamh de dhroim an athbhreithnithe agus an bhreithnithe, agus
- (d) a chur faoi deara tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas maidir lena fhionnachtana nó lena fionnachtana de thoradh an athbhreithnithe agus an bhreithnithe.

11.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha an Achta seo nó de dhroim aon fhorála den Acht seo nó chun a chumasú lánéifeacht a bheith le haon fhoráil. Rialacháin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun na laghduithe pinsean seirbhíse poiblí faoi *alt 2* a ríomh, a dhéanamh, a bhailiú, a dhiúscairt agus a ghnóthú.

(3) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin alt seo ar dealraitheach don Aire iad a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(4) Déanfar rialacháin faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhní dá réir sin, ach sin

[Uimh. 38.] *An tAcht um Bearta Airgeadais* [2010.]
Éigeandála ar Mhaithe le Leas an
Phobail 2010.

gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

Deireadh a chur le hamhras.

12.—I gcás go n-eascróidh amhras, ceist nó díospóid in oibriú an Achta seo i dtaobh cibé acu is duine nó nach duine a bhfuil a phinsean nó a pinsean seirbhíse poiblí faoi réir *alt 2* duine, ansin—

- (a) déanfaidh an t-údarás íoca i ndáil leis an bpinsean seirbhíse poiblí lena mbaineann an t-amhras, an cheist nó an díospóid sin a chur faoi bhráid an Aire, agus
- (b) cinnfidh an tAire an t-amhras, an cheist nó an díospóid sin tar éis dul i gcomhairle le cibé daoine (más ann) is cuí leis an Aire sna himthosca,

agus is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Aire maidir leis an amhras, leis an gceist nó leis an díospóid.

Leasú ar an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000.

13.—Leasaítear an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *alt 11*:

“11.—(1) Déanfaidh an tAire, le hordú, ráta pá íosta náisiúnta san uair a chloig €7.65 a fhógairt chun críoche an Achta seo.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin *alt* seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-*alt* seo) a leasú nó a chúlghairm.

(3) Féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh faoi fho-*alt* (2) is cuma an ndearnadh nó nach ndearnadh moladh faoi *alt 12* nó *13*.

(4) Féadfaidh an tAire, d’fhonn breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sé nó sí ordú faoi fho-*alt* (2) nó nach ndéanfaidh, na nithe seo a leanas a chur i gcuntas:

- (a) athruithe ar thuilleamh le linn na tréimhse ón uair is déanaí a rinneadh ordú faoin *alt* seo;
- (b) athruithe ar rátaí malartaithe airgeadra le linn na tréimhse sin;
- (c) cibé acu—
 - (i) a bhí an dífhostaíocht ag méadú nó ag laghdú, agus
 - (ii) a bhí an fhostaíocht ag méadú nó ag laghdú, le linn na tréimhse sin; agus
- (d) an éifeacht is dócha a bheidh ag an ordú a bheartaítear—
 - (i) ar leibhéal fostaíochta agus dífhostaíochta,
 - (ii) ar an gcostas maireachtála, agus

(iii) ar an iomaíochas náisiúnta; agus

(e) i gcás go bhfuil moladh déanta faoi alt 12 nó 13, an moladh sin.

(5) Féadfar, maidir le ráta pá íosta náisiúnta san uair an chloig a fhógrófar le hordú faoin alt seo, liúntas i leith iostais agus lóistín, i leith iostais amháin nó i leith lóistín amháin, de réir cibé rátaí a shonrófar san ordú, a áireamh ann.”.

(b) trí “(4)” a chur in ionad “(1)” i bhfo-alt (2) d’alt 12,

(c) in alt 13—

(i) trí na focail “na nithe a shonraítear i míreanna (a), (b), (c) agus (d) d’fho-alt (4) d’alt 11.” a chur in ionad “na nithe seo a leanas:” i bhfo-alt 5,

(ii) trí mhíreanna (a), (b) agus (c) a scriosadh san fho-alt sin,

(iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(5A) Ní dhéanfar moladh faoi fho-alt (4) nó (5) tar éis 13 sheachtain a bheith caite ó dháta déanta na hiarrata faoi fho-alt (3).”, agus

(iv) trí “alt 11(4)” a chur in ionad “alt 11(1)” i bhfo-alt (7).

14.—Féadfar an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2010 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal.

AN SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ NACH MBAINEANN AN MÍNIÚ AR “COMHLACHT SEIRBHÍSE POIBLÍ” LEO

1. Aon chomhlacht corpraithe arna bhunú le hAcht Parlaiminte roimh an 6 Nollaig 1922 ar chomhlacht de chineál tráchtála é ar é a bhunú.
2. Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, cuideachta phoiblí theoranta.
3. Údarás Aerfort Chorcaí, cuideachta phoiblí theoranta.
4. Údarás Aerfort na Sionna, cuideachta phoiblí theoranta.
5. Bord Gáis Éireann.
6. Bord na gCon.
7. Bord na Móna.
8. Córas Iompair Éireann.
9. Coillte Teoranta.
10. Bord Soláthair an Leictreachais.

11. Eirgrid.
12. Údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta 1946 nó cuideachta lena mbaineann *alt 7* den Acht Cuanta 1996.
13. Rásaíocht Capall Éireann.
14. Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta.
15. Údarás Eitlíochta na hÉireann.
16. An Post.
17. Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist.
18. Radio Teilifís Éireann.
19. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.
20. Teilifís na Gaeilge.
21. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.
22. Fochuideachta do chomhlacht lena mbaineann an Sceideal seo, lena n-áirítear fochuideachta de chuid aon fhochuideachta den sórt sin.